II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1924 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Samhain 2021

lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 a mhéid a bhaineann le hasbhaintí ó chuótaí iascaireachta arna leithdháileadh ar an Spáinn le haghaidh 2023

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 105(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In 2013, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 ([2]) lena bhforáiltear maidir le hasbhaintí ón gcuóta ronnach arna leithdháileadh ar an Spáinn in 2013 agus sna blianta ina dhiaidh sin i roinn 8c ICES, i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais in 34.1.1 CECAF agus ón gcuóta ainseabhaithe i bhfolimistéar 8 ICES de dheasca ró-iascaireacht ar an gcuóta ronnach in 2009.

(2) Leasaíodh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1244 ([3]) ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le hasbhaintí ó chuótaí iascaireachta arna leithdháileadh ar an Spáinn in 2020 agus 2023. D'iarr an Spáinn cead na 3 341 tona nach ndearnadh a iascach in 2019 a úsáid i gcomhair asbhaintí le haghaidh 2019 agus na hasbhaintí dá bhforáiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 le haghaidh na mblianta 2020 agus 2023 a laghdú. Ba cheart don asbhaint ón gcuóta ábhartha ronnach le haghaidh na bliana 2019 a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1244 a bheith méadaithe leis na 3 341 tona sin nach ndearnadh a iascach. Ós rud é gur fágadh ar lár trí thimpiste an méid breise sin, ba cheart na cainníochtaí i gcomhair asbhaintí le haghaidh 2019 a cheartú. Ní dhearna an Spáinn 114 thona den chuóta ábhartha ronnach a iascach in 2020, rud a fhágann gur lú an brú iascaireachta ar an stoc sin i gcomparáid leis an uasmhéid a ceadaíodh de réir na ndeiseanna iascaireachta arna leithdháileadh le haghaidh na bliana sin. D'iarr an Spáinn cead na cainníochtaí sin nach ndearnadh a iascach a úsáid i gcomhair asbhaintí le haghaidh 2020 agus na hasbhaintí dá bhforáiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 le haghaidh na bliana 2023 a laghdú dá réir. Ba cheart na cainníochtaí i gcomhair asbhaintí le haghaidh 2020 agus 2023 atá bunaithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 a oiriúnú.

(3) Leis na méideanna a bhainfear as na cuótaí ronnach le haghaidh 2023 i ndiaidh na n-athruithe, d'áiritheofaí fós nach sárófaí na deiseanna iascaireachta i gcás na speiceas sin, i gcomhréir le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 ón gCoimisiún an 5 Márta 2013 lena bhforáiltear maidir le hasbhaintí ó chuótaí áirithe iascaireachta arna leithdháileadh ar an Spáinn in 2013 agus sna blianta ina dhiaidh sin de dheasca ró-iascaireacht ar chuóta áirithe ronnach in 2009 (IO L 62, 6.3.2013, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1244 ón gCoimisiún an 1 Meán Fómhair 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 maidir le hasbhaintí ó chuótaí iascaireachta arna leithdháileadh ar an Spáinn le haghaidh 2020 agus 2023 (IO L 286, 2.9.2020, lch. 9).

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 a cheartú agus a leasú dá réir.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Iascach agus Dobharshaothrú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 3ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN

Stoc	Cuóta tosaigh 2009	Cuóta oiriúnaithe 2009	Gabhálacha bunaithe 2009	An difríocht idir an cuóta agus na gabhálacha (ró-iascaireacht)	Asbhaint 2013	Asbhaint 2014	Asbhaint 2015	Asbhaint 2016	Asbhaint 2017	Asbhaint 2018	Asbhaint 2019	Asbhaint 2020	Asbhaint 2021	Asbhaint 2022	Asbhaint 2023
MAC8C 3411	29 529	25 525	90 954	- 65 429	100	100	100	5 544	6 283	4 805	7 762	3 328	5 544	5 544	267
ANE08 ([1])								3 696	4 539	2 853	3 696	3 696	3 696	3 696	180"

([1]) Le haghaidh ainseabhaithe, ba cheart an bhliain a thuiscint mar an séasúr iascaireachta a gcuirtear tús leis an bhliain sin.